TUAIRIM AN ABHCÓIDE GHINEARÁLTA
ĆAPETA
arna tabhairt an 11 Nollaig 2025[1]

Cás C-488/24

D.V.
v
'Kigas' MB,
páirtí uamtha:
Valstybinė vartotojų teisių apsaugos tarnyba

(Iarraidh ar réamhrialú ó Lietuvos Aukščiausiasis Teismas (Cúirt Uachtarach na Liotuáine))

(Tarchur chun réamhrialú – Cosaint tomhaltóirí – Conarthaí tomhaltóirí – Seirbhís lena soláthraítear d'iompar idirnáisiúnta earraí – Treoir 2011/83/AE – Treoir maidir le Cearta Tomhaltóirí – Airteagal 5 – Oibleagáid réamhchonarthach ar thrádálaithe faisnéis a sholáthar do thomhaltóirí – Raon feidhme na hoibleagáide sin – Faisnéis maidir le príomh-shaintréithe conartha – Faisnéis maidir le praghas iomlán seirbhíse – Faisnéis maidir le dleachtanna custaim – Treoir 2005/29/CE – Treoir maidir le Cleachtais Tráchtála Éagóracha – Coinbhinsiún maidir leis an gConradh maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí de Bhóthar (CMR) – Airteagal 7)

I. Réamhrá

1. Baineann an tarchur chun réamhrialú seo le conradh le haghaidh iompar idirnáisiúnta earraí idir tomhaltóir agus trádálaí. Bhain an comhaontú sin le roinnt giuirléidí pearsanta an tomhaltóra sin a iompar ón Iorua go dtí an Liotuáin.

2. Ar theacht isteach san Aontas Eorpach dó agus na hearraí á n-iompar aige, stop údaráis chustaim na Sualainne fostaí de chuid an trádálaí agus chuir siad in iúl go raibh dleachtanna custaim iníoctha ar na hearraí a raibh á n-iompar. A luaithe a íocfar é, d'iarr an trádálaí aisíocaíocht ón tomhaltóir. Dhiúltaigh an tomhaltóir, áfach, an méid a bhí dlite i leith na ndleachtanna a íoc ar an bhforas gur sháraigh an trádálaí a oibleagáid réamhchonarthach faisnéis a sholáthar trí mhainneachtain an tomhaltóir a chur ar an eolas faoi na nósanna imeachta custaim ábhartha is infheidhme maidir le hiompar earraí.

[1] Bunteanga: an Béarla.

3. Le Treoir 2011/83/AE ('an Treoir maidir le Cearta Tomhaltóirí')[2] leagtar síos na ceanglais maidir leis an bhfaisnéis nach mór do thrádálaithe a sholáthar do thomhaltóirí sula dtugtar conradh i gcrích, d'fhonn an chothromaíocht cheart a bhaint amach idir ardleibhéal cosanta tomhaltóirí agus iomaíochas fiontar.[3] Ní dhéantar raon feidhme na hoibleagáide sin maidir le faisnéis a shainiú go sainráite ann, áfach, agus, go sonrach, níl na faid nach mór do thrádálaithe – a sholáthraíonn seirbhís le haghaidh iompar idirnáisiúnta earraí – chun an oibleagáid sin a chomhlíonadh soiléir go héasca ó fhoclaíocht na forála sin.

4. Mar gheall ar an débhríocht sin, iarrann Lietuvos Aukščiausiasis Teismas (Cúirt Uachtarach na Liotuáine), arb í an chúirt a rinne an tarchur sa chás seo, ar an gCúirt a léiriú ar cheart Airteagal 5(1) den Treoir maidir le Cearta Tomhaltóirí a thuiscint mar rud a chiallaíonn go bhfuil oibleagáid ar thrádálaí a sholáthraíonn seirbhís iompair idirnáisiúnta do thomhaltóir an tomhaltóir sin a chur ar an eolas faoi na nósanna imeachta custaim is infheidhme maidir leis an iompar.

II. An díospóid sna príomhimeachtaí, na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú agus an nós imeachta os comhair na Cúirte

5. Comhaontaigh an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí, D.V. (seoltóir na n-earraí agus an tomhaltóir) ó bhéal ar an nguthán le 'Kigas' MB ('Kigas'), an chosantóir, chun earraí a iompar.

6. Faoin gconradh sin, d'aontaigh Kigas, comhpháirtíocht bheag, dhá ghluaisrothar, cuadrothar, dhá mheaisín níocháin agus dhá thriomadóir, ar leis an iarratasóir iad go léir, a iompar ón Iorua go dtí an Liotuáin ar phraghas EUR 450. Níor shínigh na páirtithe conradh iompair i scríbhinn, ná níor ullmhaigh siad nóta coinsíneachta ina leagtar amach mionsonraí an iompair.

7. Thug an t-iarratasóir na hearraí ar láimh don chosantóir san Iorua an 16 Meitheamh 2020. De réir ráiteas finné, agus na hearraí á dtabhairt ar láimh, d'iarr fostaí de chuid an chosantóra ar an iarratasóir ar ghá stopadh ag lucht custaim, ach mhínigh an t-iarratasóir go raibh na hearraí á n-iompar dó féin.

8. An 17 Meitheamh 2020, cuireadh stop le fostaí de chuid an chosantóra, agus an t-iompar á dhéanamh, ag an teorainn idir an Iorua agus an tSualainn, áit ar cinneadh, tar éis cigireacht a fháil ó oifigigh chustaim, gur ghá na hearraí a dhearbhú do lucht custaim ar theacht isteach san Aontas Eorpach dóibh. An lá céanna tarraingíodh suas dearbhú custaim, lenar forchuireadh dleachtanna custaim SEK 40 899 (EUR 3 890.59) ar na hearraí atá á n-iompar, rud a d'íoc an cosantóir.

9. An 18 Meitheamh 2020, chuir an cosantóir sonrasc EUR 4 340.59 chuig an iarratasóir (EUR 450 le haghaidh na seirbhíse iompair agus EUR 3 890.59 i leith na ndleachtanna a d'fhorchuir údaráis chustaim na Sualainne ar na hearraí).

[2] Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le cearta tomhaltóirí, lena leasaítear Treoir 93/13/CEE ón gComhairle agus Treoir 1999/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 85/577/CEE ón gComhairle agus Treoir 97/7/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO 2011 L 304, lch. 64).

[3] Féach aithris 4 den Treoir maidir le Cearta Tomhaltóirí.

10. Sheachaid an t-iompróir na hearraí uile, cé is moite de ghluaisrothar an iarratasóra, ag an suíomh comhaontaithe sa Liotuáin an 20 Meitheamh 2020. Chuir an cosantóir in iúl don iarratasóir ina dhiaidh sin go dtabharfaí an gluaisrothar urghafa ar láimh a luaithe a bheadh an sonrasc íoctha.

11. Ina dhiaidh sin, thionscain an t-iarratasóir caingean i gcoinne an chosantóra os comhair Kauno apylinkės teismas (an Chúirt Dúiche, Kaunas, an Liotuáin), ag maíomh gur cheart don chúirt sin (i) a dhearbhú nach bhfuil bunús le sonrasc an 18 Meitheamh 2020 a d'eisigh an cosantóir, agus é á admháil aige nach bhfuil an t-iarratasóir faoi dhliteanas na dleachtanna a luaitear ann a íoc, agus a ordú don chosantóir sonrasc nua a eisiúint nach léiríonn ach muirear seirbhíse EUR 450; agus (ii) a ordú don chosantóir an gluaisrothar urghafa a thabhairt ar ais láithreach don iarratasóir.

12. Rinne an cosantóir frithéileamh os comhair na cúirte sin, inar iarradh ar an gcúirt (i) ordú a thabhairt don iarratasóir EUR 450 a íoc i leith iompar na n-earraí; agus (ii) damáistí dar luach EUR 3 876.76 a dhámhachtain.

13. Os comhair na cúirte sin, d'áitigh an t-iarratasóir gur mhainnigh an cosantóir ina oibleagáid faoi Airteagal 5 den Treoir maidir le Cearta Tomhaltóirí an fhaisnéis is gá a sholáthar dó roimh an gconradh a thabhairt i gcrích.

14. Leagtar amach san fhoráil sin an oibleagáid faisnéis a sholáthar i ndáil le conarthaí *seachas* cianchonarthaí nó conarthaí seacháitribh. Cé gur cuireadh an conradh atá i gceist sna príomhimeachtaí i gcrích ar an nguthán, agus dá bhrí sin go bhféadfaí é a mheas mar chianchonradh nó conradh seacháitribh de bhun Airteagal 6 den Treoir maidir le Cearta Tomhaltóirí, dheimhnigh an chúirt a rinne an tarchur, ina freagra ar iarraidh ar fhaisnéis a rinne an Chúirt Bhreithiúnais, go bhfuil an conradh atá i gceist sna príomhimeachtaí le meas mar chonradh seachas cianchonradh nó conradh seacháitribh, agus, dá bhrí sin, rialaítear é le hAirteagal 5 den Treoir maidir le Cearta Tomhaltóirí, seachas le hAirteagal 6 den Treoir sin.

15. Foráiltear le hAirteagal 5(1)(a) agus (c) den Treoir maidir le Cearta Tomhaltóirí:

'1. Sula mbeidh an tomhaltóir faoi cheangal ag conradh, seachas cianchonradh nó conradh seacháitribh, nó ag aon tairiscint chomhfhreagrach, tabharfaidh an trádálaí an fhaisnéis seo a leanas don tomhaltóir ar bhealach soiléir agus sothuigthe, mura léir cheana í ón gcomhthéacs:

(a) príomh-shaintréithe na n-earraí nó seirbhísí, a mhéid is iomchuí don mhodh cumarsáide agus do na hearraí nó seirbhísí;

[…]

(c) praghas iomlán na n-earraí nó na seirbhísí lena n-áirítear cánacha, nó i gcás ina bhfuil cineál na n-earraí nó na seirbhísí de chineál nach bhféadtar an praghas a ríomh go réasúnach roimh ré, an modh a ríomhfar an praghas, chomh maith le, i gcás inarb infheidhme, gach muirear breise lasta, seachadta nó poist agus aon chostais eile nó, i gcás nach féidir na muirir sin a ríomh go réasúnach roimh ré, an fhíric go bhféadfadh muirir bhreise den sórt sin a bheith iníoctha.'

16. Ar bhonn na bhforálacha sin, mhaígh an t-iarratasóir, trí mhainneachtain an fhaisnéis ábhartha maidir le dleachtanna custaim a sholáthar dó, gur sháraigh an cosantóir a oibleagáid faoi Airteagal 5 den Treoir maidir le Cearta Tomhaltóirí. Mar thoradh ar an sárú sin, d'áitigh an t-iarratasóir nach raibh sé faoi dhliteanas na dleachtanna custaim a íoc.

17. Ó thaobh an chosantóra de, d'áitigh sé nach raibh oibleagáid air faoi Airteagal 5 den Treoir maidir le Cearta Tomhaltóirí faisnéis a sholáthar don iarratasóir maidir le dleachtanna custaim nó na doiciméid is gá le haghaidh nósanna imeachta custaim. De rogha air sin, d'áitigh an cosantóir, de bhun Airteagal 11 de Choinbhinsiún CMR,[4] go raibh sé de dhualgas ar an iarratasóir ina cháil mar an seoltóir an fhaisnéis ábhartha maidir le custaim a sholáthar don iompróir.

18. Foráiltear le hAirteagal 11(1) agus (2) de Choinbhinsiún CMR:

'1. Chun críocha na bhfoirmiúlachtaí Custam agus na bhfoirmiúlachtaí eile nach mór a chomhlánú sula seachadfar na hearraí, cuirfidh an seoltóir na doiciméid is gá ag gabháil leis an nóta coinsíneachta nó cuirfidh sé iad faoi réir an iompróra agus tabharfaidh sé dó an fhaisnéis go léir a theastóidh uaidh.

2. Ní bheidh aon dualgas ar an iompróir cruinneas ná leordhóthanacht na ndoiciméad agus na faisnéise sin a fhiosrú. Beidh an seoltóir faoi dhliteanas don iompróir i leith aon damáiste arb é ba chúis leis na doiciméid agus an fhaisnéis sin a bheith as láthair, neamhdhóthanach nó mírialtachta, ach amháin i gcás gnímh éagóraigh éigin nó faillí éigin ar thaobh an iompróra.'

19. Le breithiúnas an 17 Bealtaine 2023, sheas Kauno apylinkės teismas (an Chúirt Dúiche, Kaunas) le héileamh an iarratasóra go páirteach agus sheas sé le frithéileamh an chosantóra ina iomláine, ag ordú don chosantóir an gluaisrothar a thabhairt ar ais don iarratasóir, agus ag an am céanna ordú a thabhairt don iarratasóir suim EUR 450 a íoc leis an gcosantóir as na hearraí a iompar, chomh maith le EUR 3 876.76 i leith aon damáiste.

20. Rinneadh achomharc ar an gcinneadh sin ansin os comhair Kauno apygardos teismas (an Chúirt Réigiúnach, Kaunas, an Liotuáin), a sheas le cinneadh na cúirte íochtaraí le cinneadh an 16 Samhain 2023.

21. Mheas na cúirteanna sin go bhfuil forálacha Lietuvos Respublikos civilinis kodeksas (Cód Sibhialta Phoblacht na Liotuáine) lena rialaítear conarthaí tomhaltóirí agus forálacha Choinbhinsiún CMR infheidhme sa chás seo. Ag tabhairt dá haire freisin, i gcás ina bhfuil coinbhleacht idir an reachtaíocht náisiúnta lena rialaítear caidreamh tomhaltóirí agus an riail a leagtar síos in Airteagal 11 de Choinbhinsiún CMR, is é an dara ceann ba cheart a bheith i réim. Bunaithe ar an réasúnaíocht sin, agus d'aontaigh siad leis an gcosantóir, chinn na cúirteanna sin gur mhainnigh an t-iarratasóir, mar sheoltóir na n-earraí, ina oibleagáid an fhaisnéis agus an doiciméadacht ba ghá a sholáthar don chosantóir chun na foirmiúlachtaí custaim a chur i gcrích agus, dá bhrí sin, go raibh an t-iarratasóir faoi dhliteanas na costais a tabhaíodh i ndáil leis na dleachtanna custaim a aisíoc leis an gcosantóir.

22. Tar éis an chinnidh ó Kauno apygardos teismas (an Chúirt Réigiúnach, Kaunas, an Liotuáin), chuir an t-iarratsóir achomharc i gcoinne an chinnidh sin os comhair na cúirte a rinne an tarchur sa chás seo.

[4] Coinbhinsiún maidir leis an gConradh maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí de Bhóthar, a síníodh sa Ghinéiv an 19 Bealtaine 1956, ('Coinbhinsiún CMR').

23. Fiafraíonn an chúirt sin ar cheart Airteagal 5(1)(a) den Treoir maidir le Cearta Tomhaltóirí a léiriú sa chaoi go bhfuil an trádálaí a sholáthraíonn seirbhís iompair idirnáisiúnta don thomhaltóir faoi oibleagáid an tomhaltóir sin a chur ar an eolas faoi na nósanna imeachta custaim is infheidhme maidir leis an iompar.

24. I gcás ina bhfuil oibleagáid den sórt sin ann, féachann an chúirt a rinne an tarchur le méid agus raon feidhme na hoibleagáide sin a shoiléiriú. Go sonrach, fiafraíonn an chúirt sin an gceanglaítear leis an dualgas sin faisnéis a sholáthar ar an trádálaí (i) na doiciméid shonracha atá le cur faoi bhráid na n-údarás custaim a shainaithint don tomhaltóir, agus (ii) méideanna sonracha na ndleachtanna custaim is infheidhme a ríomh agus an tomhaltóir a chur ar an eolas faoi, nó an leor gan ach an tomhaltóir a chur ar an eolas go bhféadfaí dleachtanna custaim a fhorchur.

25. Cé gur gairmí é an cosantóir i réimse an iompair idirnáisiúnta earraí, tá amhras ar an gcúirt a rinne an tarchur, mar sin féin, an mbeadh sé comhréireach an t-ualach a chur ar an ngairmí fiosrú a dhéanamh ar shainiúlachtaí gach ceann de na hearraí atá le tabhairt ar láimh di lena n-iompar, chomh maith leis na ceanglais ábhartha do gach iompar, chun na dleachtanna custaim is infheidhme a ríomh.

26. Tugann an chúirt a rinne an tarchur dá haire go gcuirfidh an freagra ar an gceist maidir le méid agus raon feidhme na hoibleagáide atá ar thrádálaí faisnéis a chur ar fáil do thomhaltóir i ndáil leis na nósanna imeachta custaim is infheidhme le linn iompair idirnáisiúnta, de bhun Airteagal 5 den Treoir maidir le Cearta Tomhaltóirí, ar a cumas a shuíomh cén páirtí sna príomhimeachtaí ar cheart na hiarmhairtí díobhálacha a bheith air maidir le comhlíonadh míshásúil na nósanna imeachta custaim, agus, dá réir sin, a chinneadh cé acu de na páirtithe a íocfaidh costais na ndleachtanna custaim arna n-íoc ag an gcosantóir le linn an iompair.

27. Sa chomhthéacs sin, chinn Lietuvos Aukščiausiasis Teismas (Cúirt Uachtarach na Liotuáine) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

‘(1) An gcaithfear Airteagal 5(1)(a) [den Treoir maidir le Cearta Tomhaltóirí], lena gceanglaítear ar an trádálaí faisnéis a sholáthar don tomhaltóir maidir le saintréithe na seirbhísí, a léiriú sa chaoi go bhfuil an trádálaí a sholáthraíonn seirbhís iompair idirnáisiúnta don tomhaltóir faoi oibleagáid an tomhaltóir a chur ar an eolas faoi na nósanna imeachta custaim is infheidhme maidir leis an iompar? Más gá Airteagal 5(1)(a) [den Treoir maidir le Cearta Tomhaltóirí] a léiriú sa chaoi go bhforchuirtear oibleagáid ar an trádálaí an tomhaltóir a chur ar an eolas faoi na nósanna imeachta custaim is infheidhme maidir le hiompar idirnáisiúnta, an leor don trádálaí a shonrú nach mór don seoltóir (an tomhaltóir) na doiciméid is gá le haghaidh na nósanna imeachta custaim agus na dleachtanna custaim a íoc a ghabháil ar láimh, nó an gá don trádálaí faisnéis mhionsonraithe (liosta) a sholáthar maidir leis na doiciméid shonracha atá le tíolacadh do na húdaráis chustaim agus maidir le rátaí (méideanna) is infheidhme na ndleachtanna custaim?

(2) Maidir leis an oibleagáid atá ar an trádálaí, a leagtar síos in Airteagal 5(1)(c) [den Treoir maidir le Cearta Tomhaltóirí], faisnéis a thabhairt don tomhaltóir faoi phraghas na n-earraí nó na seirbhísí, lena n-áirítear cánacha, nó i gcás ina bhfuil cineál na n-earraí nó na seirbhísí de chineál a fhágann nach féidir an praghas a ríomh go réasúnta roimh ré, faoin gcaoi a ríomhfar an praghas agus, i gcás inarb infheidhme, faoi na muirir bhreise lasta, seachadta nó poist uile nó, i gcás nach féidir na muirir sin a ríomh go réasúnach roimh ré, go bhféadfadh na

muirir sin a bheith iníoctha, an bhfuil oibleagáid ar an trádálaí a sholáthraíonn an tseirbhís iompair idirnáisiúnta an tomhaltóir a chur ar an eolas faoi na dleachtanna custaim (rátaí agus méideanna na ndleachtanna) is infheidhme maidir leis an iompar sonrach?'

28. Chuir Rialtais Phoblacht na Seice agus na Liotuáine agus an Coimisiún Eorpach barúlacha i scríbhinn faoi bhráid na Cúirte.

29. Chinn an Chúirt rialú a thabhairt gan éisteacht, de bhun Airteagal 76(2) dá Rialacha Nós Imeachta.

III. Anailís

A. Réamhbharúlacha maidir leis na ceisteanna a tharchuirtear

30. Ba cheart déileáil le dhá cheist na cúirte a rinne an tarchur le chéile. Lena ceisteanna, féachann an chúirt sin, go bunúsach, lena fháil amach an gá an oibleagáid a fhorchuirtear ar thrádálaithe faoi Airteagal 5(1) den Treoir maidir le Cearta Tomhaltóirí tomhaltóirí a chur ar an eolas faoi saintréithe na n-earraí nó na seirbhíse a chuirtear ar fáil (Airteagal 5(1)(a)) agus faoi phraghas iomlán na n-earraí nó na seirbhíse (Airteagal 5(1)(c)) a léiriú mar oibleagáid ar thrádálaithe faisnéis a sholáthar a bhaineann leis na nósanna imeachta custaim a bhféadfadh na hearraí nó an tseirbhís sin a bheith faoina réir agus, más amhlaidh atá, cé chomh mionsonraithe is atá an fhaisnéis sin.

31. Sula gcuirfidh mé tús le m'anailís ar na ceisteanna sin, measaim go bhfuil sé úsáideach comhthéacs áirithe a sholáthar, ar an gcéad dul síos, maidir le dleachtanna custaim a chur i bhfeidhm ar earraí a thagann isteach i gcríoch an Aontais Eorpaigh ón Iorua (Cuid B), agus, ar an dara dul síos, maidir le hábharthacht Airteagal 11 de Choinbhinsiún CMR don chás seo (Cuid C).

32. Ansin beidh dhá chéim i m'anailís ar na ceisteanna a tharchuirtear.

33. Ar an gcéad dul síos, breithneoidh mé an féidir nósanna imeachta custaim a mheas le réasún mar cheann de na 'príomh-shaintréithe', de réir bhrí Airteagal 5(1)(a) den Treoir maidir le Cearta Tomhaltóirí, de sheirbhís lena bhforáiltear d'iompar idirnáisiúnta earraí. Bunaithe ar an anailís sin, tiocfaidh mé ar an gconclúid nach mór an coincheap 'príomh-shaintréithe' i gcomhthéacs conartha le haghaidh iompar idirnáisiúnta earraí a léiriú mar choincheap lena gcuimsítear nósanna imeachta custaim, agus dá bhrí sin lena bhforchuirtear oibleagáid ar thrádálaí a sholáthraíonn seirbhís den sórt sin an tomhaltóir a chur ar an eolas sula dtabharfar an conradh i gcrích *go bhféadfaidh* na hearraí atá á n-iompar a bheith faoi réir dleachtanna custaim (Cuid D).

34. Ar an dara dul síos, déanfaidh mé anailís ar raon feidhme na hoibleagáide sin. Níos cruinne fós, breithneoidh mé an gceanglaítear leis an oibleagáid sin ar thrádálaí faisnéis mhionsonraithe a sholáthar don tomhaltóir maidir leis na doiciméid shonracha atá le tíolacadh le haghaidh nósanna imeachta custaim, chomh maith le faisnéis mhionsonraithe maidir le rátaí agus méideanna sonracha na ndleachtanna custaim chun méid iomlán na ndleachtanna le haghaidh gach iompair a ríomh (Cuid E).

B. Comhthéacs na nósanna imeachta custaim sa chás seo

35. Cé go bhfuil an Iorua ina ball den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE), níl sí ina ball d'Aontas Custaim an Aontais Eorpaigh. Leis an gComhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), leathnaítear margadh inmheánach an Aontais chuig an Iorua trí shaorghluaiseacht earraí a chomhlíonann rialacháin an Aontais maidir le táirgí a áirithiú; mar sin féin, ní chuireann sé deireadh le teorainneacha custaim ná foirmiúlachtaí custaim idir an Iorua agus an tAontas Eorpach. [5]

36. Dá bhrí sin, ní mór gach earra a iompraítear ón Iorua isteach i gcríoch chustaim an Aontais Eorpaigh a thíolacadh do chustam ag an bpointe iontrála agus tá siad faoi réir nósanna imeachta agus dleachtanna allmhairiúcháin, mura bhfuil feidhm ag díolúine shonrach nó cóir fhabhrach shonrach.

37. Faoi Chomhaontú LEE, earraí ar de thionscnamh na hIorua iad agus a bhfuil an doiciméadacht is gá lena gcruthaítear tionscnamh fabhrach ag gabháil leo, féadfaidh siad a bheith incháilithe le haghaidh teacht isteach san Aontas Eorpach saor ó dhleacht.

38. Mar sin féin, earraí nach de thionscnamh na hIorua iad, nó earraí nach féidir tionscnamh fabhrach a léiriú ina leith, leanfaidh siad de bheith faoi réir Chomhtharaif Chustaim an AE agus CBL allmhairiúcháin nó dleachtanna máil is infheidhme, gan beann ar na hearraí atá á n-iompar le haghaidh úsáid phearsanta nó mar chuid d'idirbheart tráchtála. [6]

39. Is fiú a thabhairt faoi deara ag an bpointe seo nach léir ón ordú tarchuir cé acu ón Aontas nó ón Iorua nó ó thríú tír a tháinig na hearraí atá á n-iompar don iarratasóir, agus dá bhrí sin an bhféadfadh sé go raibh na hearraí díolmhaithe ó na dleachtanna a forchuireadh.

40. In aon chás, mar a tugadh faoi deara, chun go mbainfeadh duine leas as díolúine den sórt sin, níor mhór na doiciméid riachtanacha lena gcruthaítear tionscnamh a bheith ag gabháil leis na hearraí nuair a thíolactar iad do na húdaráis chustaim sa tSualainn. Níor chuir na páirtithe sna príomhimeachtaí ina choinne, áfach, nár chuir an t-iarratasóir (an seoltóir/tomhaltóir) na doiciméid agus an fhaisnéis a bhaineann le nósanna imeachta den sórt sin ar fáil don chosantóir (an t-iompróir/trádálaí). Ná níl sé faoi dhíospóid sa chás seo nár chuir an cosantóir faisnéis mhionsonraithe ar fáil don iarratasóir maidir leis na nósanna imeachta custaim agus na díolúintí is infheidhme agus a gceanglais.

C. Infheidhmeacht Airteagal 11 de Choinbhinsiún CMR sa chás seo

41. Sula ndéanfaidh mé scrúdú ar shubstaint agus raon feidhme oibleagáid faisnéise réamhchonarthaí trádálaí i ndáil le dleachtanna custaim, tabharfaidh mé aghaidh go hachomair ar na hargóintí a chuir an cosantóir chun cinn, agus le tacaíocht ó Rialtas na Seice ina bharúlacha i scríbhinn, i ndáil le hAirteagal 11 de Choinbhinsiún CMR.

[5] Féach, chuige sin, Comhaontú LEE, Cuid II, Caibidil 3, dar teideal 'Comhar in ábhair a bhaineann le custam agus éascú trádála', Airteagal 21.

[6] Féach, chuige sin, Comhaontú LEE, Cuid II, Caibidil 1, dar teideal 'Comhar in ábhair a bhaineann le custam agus éascú trádála', Airteagail 8(2) go 10.

42. Agus é ag áitiú i bhfabhar léiriú docht ar oibleagáid trádálaí faisnéis a sholáthar, áitíonn Rialtas na Seice nach ndéanann conradh le haghaidh iompar idirnáisiúnta earraí, nach n-áirítear ann seirbhís bróicéireachta custaim (mar is cosúil a bheith amhlaidh sna himeachtaí seo),[7] ach an trádálaí a ordú chun na hearraí a iompar agus, dá bhrí sin, ní fhorchuirtear leis oibleagáid ar an trádálaí sin an tomhaltóir a chur ar an eolas faoi na dleachtanna custaim ábhartha, ós rud é nach mbeadh seirbhís den sórt sin mar chuid den chonradh a comhaontaíodh.

43. Mar thaca leis an argóint sin, braitheann Rialtas na Seice ar Airteagal 11 de Choinbhinsiún CMR lena bhforchuirtear oibleagáid ar sheoltóir na n-earraí (arb é an tomhaltóir é freisin sna himeachtaí seo) na doiciméid is gá agus aon fhaisnéis eile a éilíonn an trádálaí chun nósanna imeachta custaim a chur i gcrích a chur ar fáil do thrádálaithe. Sula ndéanfar measúnú ar cé acu ba cheart nó nár cheart tionchar a bheith ag oibleagáid den sórt sin ar thomhaltóir ar an oibleagáid maidir le faisnéis réamhchonarthach atá ar thrádálaí, beidh sé riachtanach ar dtús breithniú a dhéanamh ar infheidhmeacht an choinbhinsiúin sin maidir le fíorais an cháis seo.

44. Is é Coinbhinsiún CMR an ionstraim dlí rialaithe chun dliteanas iompróra in iompar idirnáisiúnta earraí de bhóthar a chinneadh. Tá feidhm ag an gcoinbhinsiún sin, de bhun Airteagal 1 de, maidir le gach conradh chun earraí a iompar de bhóthar i bhfeithiclí ar luaíocht i gcás ina bhfuil an áit atá ainmnithe chun na hearraí a thabhairt ar láimh agus an áit atá ainmnithe lena seachadadh, mar a shonraítear sa chonradh, suite in dhá thír éagsúla, ar stát conarthach leis an gCoinbhinsiún ceann amháin díobh ar a laghad.

45. Sa chás seo, baineann an díospóid le conradh chun earraí a iompar de bhóthar lena léirítear seoladh san Iorua mar an áit a dtugtar ar láimh é agus seoladh sa Liotuáin mar an áit seachadta. Ós rud é go bhfuil an Iorua agus an Liotuáin araon ina bpáirtithe i gCoinbhinsiún CMR,[8] comhlíontar go hiomlán na coinníollacha maidir le hinfheidhmeacht an Choinbhinsiúin, mar a leagtar síos in Airteagal 1.[9]

46. Is é Coinbhinsiún CMR lena rialaítear go príomha dualgais agus dliteanas teoranta an iompróra in iompar idirnáisiúnta de bhóthar, agus ceanglaítear ar an seoltóir na doiciméid agus an fhaisnéis is gá a sholáthar chun foirmiúlachtaí custaim a chur i gcrích.

47. Mar sin féin, ba cheart a thabhairt faoi deara ón tús, mar a luaigh Rialtas na Liotuáine ina bharúlacha i scríbhinn, nach gcumhdaítear le Coinbhinsiún CMR ‘ar bhealach ar bith gach ceist faoin dlí príobháideach a eascraítear ó chonradh chun earraí a iompar de bhóthar’, ná ní rialaítear leis ceisteanna a bhaineann le cosaint tomhaltóirí (lena n-áirítear ceisteanna a bhaineann leis an oibleagáid ar thrádálaithe faisnéis a sholáthar) nuair a thugtar conradh idir tomhaltóir agus trádálaí i gcrích.[10]

[7] Is éard a bheadh i gceist le seirbhís den sórt sin an trádálaí a bheith ag gníomhú mar bhróicéir custaim nó mar ghníomhaire don tomhaltóir agus a bheith ar conradh chun a áirithiú go bhfuil an dearbhú custaim ceart, go gcuirtear dleachtanna agus cánacha ar fáil go cruinn, agus go bhfaightear íocaíocht ionas gur féidir le hearraí idirthuras a dhéanamh go rianúil thar theorainneacha. Ón ordú tarchuir, ní cosúil go bhfuil sé faoi dhíospóid idir na páirtithe nár tugadh conradh den sórt sin i gcrích.

[8] Féach *United Nations Treaty Series*, Iml. 1208, lch. 427, ar fáil ag: https://treaties.un.org/pages/ViewDetails.aspx?src=TREATY&mtdsg_no=XI-B-11-a&chapter= 11&clang=_en.

[9] Féach, de réir analaí, breithiúnas an 4 Bealtaine 2010, *TNT Express Nederland* (C-533/08, EU:C:2010:243, míreanna 34 agus 35 agus an cásdlí dá dtagraítear).

[10] Féach, chuige sin, Náisiún Aontaithe, *Commentary on the Convention of 19 May 1956 on the Contract for the International Carriage of Goods by Road (CMR)*, 1975, lch. 4, mír 9, ar fáil ag: https://unece.org/fileadmin/DAM/trans/doc/2006/sc1cmr/commentary.pdf.

48. Thairis sin, ní thagann dualgas an tomhaltóra an fhaisnéis agus na doiciméid is gá le haghaidh foirmiúlachtaí custaim a sholáthar do thrádálaí, de bhun Airteagal 11 de Choinbhinsiún CMR, chun cinn *go dtí go mbeidh* an conradh le haghaidh iompar idirnáisiúnta earraí tugtha i gcrích.

49. Ar an gcaoi sin, ní féidir a thuiscint go n-eisiatar leis an oibleagáid iarchonarthach sin dualgas réamhchonarthach ar an trádálaí an tomhaltóir a chur ar an eolas faoi na nósanna imeachta custaim a bheidh i bhfeidhm agus faoi na doiciméid a d'fhéadfadh a bheith ar an tomhaltóir a sholáthar don iompróir. Dá mbainfí a mhalairt de thátal, i mo thuairimse, bheadh sé contrártha d'aidhm uileghabhálach na Treorach maidir le Cearta Tomhaltóirí ardleibhéal cosanta tomhaltóirí a áirithiú.

50. Dá bhrí sin, ní thagann an oibleagáid atá ar sheoltóir doiciméid den sórt sin a sholáthar chun cinn go dtí go mbeidh conradh comhaontaithe agus, dá bhrí sin, níor cheart di difear a dhéanamh d'oibleagáid réamhchonarthach trádálaí faisnéis a sholáthar.

D. An gcaithfear dleachtanna custaim a mheas mar cheann de príomh-shaintréithe conartha le haghaidh iompar idirnáisiúnta earraí?

51. Foráiltear go soiléir le hAirteagal 5(1)(a) den Treoir maidir le Cearta Tomhaltóirí, sula dtabharfar conradh le haghaidh earra nó seirbhíse i gcrích, nach mór do thrádálaí an fhaisnéis ábhartha uile a bhaineann le príomh-shaintréithe an earra nó na seirbhíse sin a sholáthar don tomhaltóir.

52. I gcomhthéacs conarthaí le haghaidh iompar idirnáisiúnta earraí, tugann an chúirt a rinne an tarchur dá haire gur féidir an coincheap 'príomh-shaintréithe' a léiriú go docht, is é sin le rá, nach gcumhdaítear leis ach faisnéis maidir le caidreamh dlíthiúil an iompair (amhail, an áit a mbailítear na hearraí, an áit seachadta, an bealach, agus an praghas), ach nach gcumhdaítear leis faisnéis maidir le nósanna imeachta custaim agus na doiciméid is gá do na nósanna imeachta sin, nó go ginearálta, is é sin le rá, go n-áirítear faisnéis faoi na nósanna imeachta custaim is infheidhme maidir leis an iompar faoi choincheap na bpríomh-shaintréithe.

53. Ní mór an oibleagáid faisnéis a sholáthar a thuiscint laistigh de chomhthéacs níos leithne na gcuspóirí atá á saothrú ag an reachtas tríd an Treoir sin.

54. Agus an méid sin á chur san áireamh, mar gheall ar na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 1 den Treoir maidir le Cearta Tomhaltóirí, is é sin rannchuidiú le feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh agus ardleibhéal cosanta do thomhaltóirí a áirithiú, ní mór léiriú leathan a thabhairt ar raon feidhme na Treorach sin[11] agus, dá réir sin, ar an gcoincheap 'faisnéis' de réir bhrí Airteagal 5 di.

55. Cé gur beag cásdlí ón gCúirt lena dtugtar aghaidh ar raon feidhme na hoibleagáide faisnéise faoi Airteagal 5 den Treoir maidir le Cearta Tomhaltóirí, creidim gur féidir treoir úsáideach a fháil maidir leis an gcaoi ar cheart don Chúirt raon feidhme na hoibleagáide sin a léiriú ó léiriú na

[11] Féach breithiúnas an 24 Feabhra 2022, *Tiketa* (C-536/20, EU:C:2022:112, mír 30).

Cúirte ar cad a d'fhéadfadh a bheith ina easnamh míthreorach maidir leis an bhfaisnéis ábhartha nach mór do thrádálaí a sholáthar do thomhaltóir sula dtugtar conradh i gcrích de bhun Airteagal 7 den Treoir maidir le Cleachtais Tráchtála Éagóracha. [12]

56. Chinn an Chúirt cheana féin gur cheart na coincheapa a leagtar síos sa Treoir maidir le Cearta Tomhaltóirí agus sa Treoir maidir le Cleachtais Tráchtála Éagóracha a léiriú ar an mbealach céanna, a mhéid is féidir, ós rud é go bhfuil an dá threoir bunaithe ar Airteagal 114 CFAE agus go bhfuil sé d'aidhm acu ardleibhéal cosanta do thomhaltóirí a áirithiú sa chreat reachtach, rialála agus riaracháin a chumhdaítear leo. [13]

57. Dá bhrí sin, is féidir leis an gCúirt an Treoir maidir le Cleachtais Tráchtála Éagóracha agus an cásdlí a forbraíodh fúithi a úsáid mar threoir chun an Treoir maidir le Cearta Tomhaltóirí a léiriú, agus ar bhealach níos beaichte, mar bhonn chun a chinneadh an raibh sé beartaithe ag reachtas an Aontais faisnéis a sholáthar arna bunú faoi Airteagal 5 den dara Treoir chun oibleagáid a chuimsiú maidir le faisnéis a sholáthar maidir le nósanna imeachta custaim i gcomhthéacs conarthaí le haghaidh iompar idirnáisiúnta earraí.

58. Leanann sé ó Airteagal 7(4) den Treoir maidir le Cleachtais Tráchtála Éagóracha, agus a athdhearbhaíodh sa chásdlí a forbraíodh faoin Treoir sin, [14] gurb ionann an fhaisnéis a cheanglaítear ar thrádálaí a sholáthar do thomhaltóir sula dtugtar conradh i gcrích agus an *fhaisnéis ábhartha* uile is gá don ghnáth-thomhaltóir, agus comhthéacs an chonartha sin á chur san áireamh, chun cinneadh idirbhirt eolasach a dhéanamh, agus i gcás ina bhfuil, nó ar dócha go bhfágfadh easnamh na faisnéise sin, go ndéanfadh an gnáth-thomhaltóir cinneadh idirbhirt nach ndéanfadh sé murach sin. [15]

59. Dá bhrí sin, i gcás ina mainníonn trádálaí faisnéis a sholáthar do thomhaltóir ar dócha go ndéanfadh an tomhaltóir sin cinneadh idirbhirt difriúil dá dtabharfaí an fhaisnéis sin dó, is ionann an mhainneachtain sin agus sárú ar oibleagáid an trádálaí faoi Airteagal 5 den Treoir maidir le Cearta Tomhaltóirí.

60. Feictear dom gurb é an tástáil sa chás seo, chun a chinneadh an gá Airteagal 5(1)(a) den Treoir maidir le Cearta Tomhaltóirí a léiriú sa chaoi go bhfuil an trádálaí a sholáthraíonn seirbhís iompair idirnáisiúnta don thomhaltóir faoi oibleagáid an tomhaltóir sin a chur ar an eolas faoi na nósanna imeachta custaim is infheidhme, an dócha go ndéanfadh an tomhaltóir – tar éis dó a bheith curtha ar an eolas faoi na nósanna imeachta custaim ábhartha – cinneadh idirbhirt difriúil.

[12] Treoir 2005/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2005 maidir le cleachtais tráchtála éagóracha idir gnólachtaí agus tomhaltóirí sa mhargadh inmheánach agus lena leasaítear Treoir 84/450/CEE ón gComhairle, Treoracha 97/7/CE, 98/27/CE agus 2002/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO 2005 L 149, lch. 22; 'Treoir maidir le Cleachtais Tráchtála Éagóracha.').

[13] Féach, i ndáil leis an téarma 'trádálaí' a úsáidtear sa dá threoir, breithiúnas an 24 Feabhra 2022, *Tiketa* (C-536/20, EU:C:2022:112, mír 29). Tá léiriú agus cur i bhfeidhm na Treorach maidir le Cearta Tomhaltóirí comhsheasmhach freisin le treoirlínte an Choimisiúin maidir le cur chun feidhme na Treorach sin, ina dtugtar faoi deara gur bhain reachtas an Aontais leas as an gcásdlí a forbraíodh faoin Treoir maidir le Cleachtais Tráchtála Éagóracha agus an Treoir maidir le Cearta Tomhaltóirí á dréachtú. Féach, chuige sin, fógra ón gCoimisiún – Treoir maidir le léiriú agus cur i bhfeidhm Threoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cearta tomhaltóirí (IO 2021 C 525, p. 1; 'fógra ón gCoimisiún'), ag pointe 1.1, dar teideal 'Coincheapa "trádálaí" agus "tomhaltóir"'.

[14] Ina threoirlínte maidir le cur chun feidhme na Treorach maidir le Cearta Tomhaltóirí, tugann an Coimisiún dá aire, agus na príomh-shaintréithe atá le cur in iúl don tomhaltóir á roghnú acu, gur cheart do thrádálaithe an cur chuige céanna a chur i bhfeidhm agus a chuirtear i bhfeidhm chun críocha Airteagal 7(4) den Treoir maidir le Cleachtais Éagóracha Tomhaltóirí, i.e., chun an tomhaltóir a chur ar an eolas faoi na saintréithe sin a mbeidh orthu cinneadh idirbhirt eolach a dhéanamh. Féach an fógra ón gCoimisiún ag pointe 3.2, dar teideal 'Ceanglais choiteanna maidir le conarthaí ar an áitreabh agus cianchonarthaí/conarthaí seacháitribh'.

[15] Féach, de réir analaí, breithiúnas an 23 Eanáir 2025, *NEW Niederrhein Energie und Wasser* (C-518/23, '*NEW Niederrhein Energie*', EU:C:2025:35, mír 32).

61. Ós rud é go bhféadfadh dleachtanna custaim costas foriomlán an iompair idirnáisiúnta a mhéadú go suntasach, mar a rinne siad sa chás seo,[16] creidim go bhféadfaí a rá go bhfuil éifeacht athchomhairleach ag dleachtanna custaim ar thomhaltóirí, agus dá bhrí sin gur dócha go ndíspreagfar iad ó chonarthaí iompair idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích.

62. Ina theannta sin, maidir le cad is 'príomh-shaintréithe' conartha ann faoi Airteagal 5(1)(a) den Treoir maidir le Cearta Tomhaltóirí, chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an bhfaisnéis réamhchonarthach nach mór do thrádálaí a sholáthar do thomhaltóir, beidh sé ag brath ar an gcomhthéacs sonrach ina dtarlaíonn an comhaontú.[17] Agus cineál trasteorann na gconarthaí le haghaidh iompar idirnáisiúnta earraí á gcur san áireamh, agus ós rud é go mbíonn na hearraí sin faoi réir dleachtanna custaim de ghnáth, is féidir teacht ar an gconclúid go réasúnta go bhfuil na dleachtanna custaim sin ar cheann de phríomh-shaintréithe na gcineálacha sin conarthaí.

63. Thairis sin, ós rud é go bhfuil forálacha sonracha i gCoinbhinsiún CMR, lena rialaítear conarthaí le haghaidh iompar idirnáisiúnta earraí, maidir le hoibleagáidí i ndáil le nósanna imeachta custaim, tugtar tuilleadh tacaíochta i bhfabhar na hargóinte gur cuid de 'phríomh-shaintréithe' na gcineálacha conarthaí sin iad nósanna imeachta custaim, de réir bhrí Airteagal 5(1)(a) den Treoir maidir le Cearta Tomhaltóirí.

64. Dá bhrí sin, agus cineál sonrach na gconarthaí le haghaidh iompar idirnáisiúnta earraí á gcur san áireamh, chomh maith leis na haidhmeanna a shaothraítear leis an Treoir maidir le Cearta Tomhaltóirí, creidim nach mór Airteagal 5(1)(a) den Treoir sin a léiriú sa chaoi go bhfuil an trádálaí a sholáthraíonn seirbhís iompair idirnáisiúnta don tomhaltóir faoi oibleagáid an tomhaltóir a chur ar an eolas go bhféadfadh na hearraí atá á n-iompar a bheith faoi réir dleachtanna custaim.

E. Ach cé chomh mionsonraithe is nach mór an fhaisnéis sin a bheith?

65. Tar éis a shuí gur cheart Airteagal 5(1) den Treoir maidir le Cearta Tomhaltóirí a léiriú sa chaoi go bhforchuirtear oibleagáid ghinearálta ar thrádálaithe tomhaltóir a chur ar an eolas faoi acmhainneacht nósanna imeachta custaim le linn iompar trasteorann earraí, is gá anois scrúdú a dhéanamh ar raon feidhme na hoibleagáide faisnéise sonraí sin agus, go háirithe, a mheas an gceanglaítear leis an oibleagáid sin ar thrádálaí (i) faisnéis mhionsonraithe a sholáthar maidir leis na doiciméid shonracha is gá (Airteagal 5(1)(a)) agus (ii) faisnéis mhionsonraithe maidir le rátaí agus méideanna na ndleachtanna custaim is infheidhme maidir leis an iompar, chun praghas foriomlán na seirbhíse atá á soláthar a ríomh (Airteagal 5(1)(c)), nó an leor an fhaisnéis a bheith níos ginearálta.

66. Maidir le raon feidhme na hoibleagáide faisnéise atá ar thrádálaí, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur go bunúsach, agus a hoibleagáid á comhlíonadh aici maidir leis an tomhaltóir a chur ar an eolas go bhféadfadh dleachtanna custaim a bheith infheidhme maidir leis na hearraí atá á n-iompar, gur leor do thrádálaí a shonrú nach mór don seoltóir (an tomhaltóir) na doiciméid is gá do na nósanna imeachta custaim a ghabháil ar láimh nó an gá don trádálaí faisnéis mhionsonraithe a sholáthar (amhail liosta) maidir leis na doiciméid shonracha atá le cur faoi bhráid na n-údarás custaim.

[16] Sa chás seo, ba é an toradh a bhí ar na dleachtanna custaim costais iomlána arb ionann iad agus beagnach 10 n-oiread phraghas na seirbhíse a bheith á soláthar (EUR 4 340.59 san iomlán i gcomparáid le EUR 450 don tseirbhís iompair).

[17] Féach, de réir analaí agus i ndáil le hAirteagal 6(1)(c) den Treoir maidir le Cearta Tomhaltóirí, breithiúnas an 10 Iúil 2019, *Amazon EU* (C-649/17, EU:C:2019:576, mír 37).

67. Feictear domsa go mbeidh freagra na ceiste sin ag brath sa deireadh ar an tseirbhís shonrach atá á tairiscint ag an trádálaí, agus, ar bhonn níos beaichte, ar cé acu atá nó nach bhfuil seirbhís bhróicéireachta custaim sa chonradh, ina gcomhaontaíonn an trádálaí gníomhú thar ceann an tomhaltóra chun críocha na nósanna imeachta custaim a chur i gcrích.

68. Ba cheart a thabhairt faoi deara ag an bpointe seo, i gcomhréir lena oibleagáid réamhchonarthach an fhaisnéis ábhartha uile i ndáil le príomh-shaintréithe seirbhíse a sholáthar do thomhaltóir, nach mór do thrádálaí a sholáthraíonn seirbhís le haghaidh iompar idirnáisiúnta earraí an tomhaltóir a chur ar an eolas faoi cé acu atá nó nach bhfuil seirbhís bróicéireachta den sórt sin á tairiscint mar chuid den chonradh atá á thabhairt i gcrích, agus, dá réir sin, cé a bheidh freagrach as seilbh a ghlacadh ar an doiciméadacht is gá chun na foirmiúlachtaí custaim a chur i gcrích, i.e., an trádálaí (má áirítear seirbhís bróicéireachta sa chonradh) nó an tomhaltóir (mura n-áirítear seirbhís bróicéireachta sa chonradh).

69. Dar liomsa, is ar fhaisnéis den sórt sin a fháil amháin a bheidh tomhaltóir in ann cinneadh idirbhirt eolach a dhéanamh, toisc go gcuirfidh an fhaisnéis sin ar chumas an tomhaltóra a chinneadh an fearr leis nó léi na foirmiúlachtaí custaim a láimhseáil iad féin, nó conradh a dhéanamh le trádálaí a sholáthraíonn seirbhís den sórt sin.

1. Raon feidhme na hoibleagáide faisnéise ar thrádálaithe a thairgeann seirbhís bróicéireachta custaim

70. Féadfaidh trádálaithe a sholáthraíonn seirbhís le haghaidh iompar idirnáisiúnta earraí, mar chuid den chonradh sin, seirbhís bhróicéireachta custaim a thairiscint, trína ndéanfaí conradh don trádálaí chun gníomhú mar ionadaí custaim an tomhaltóra os comhair na n-údarás custaim.

71. Le conradh den sórt sin, bheadh an trádálaí ag gníomhú thar ceann an tomhaltóra agus é ag déileáil le húdaráis chustaim, ag cur na ngníomhartha agus na bhfoirmiúlachtaí a cheanglaítear faoin reachtaíocht chustaim i gcrích, agus ag áirithiú go gcomhlíontar na nósanna imeachta agus go bhfaightear íocaíocht ionas gur féidir le hearraí an teorainn a thrasnú go rianúil. [18]

72. I gcás ina n-áirítear seirbhís bróicéireachta custaim i gconradh le haghaidh iompar idirnáisiúnta earraí, bheadh sé d'oibleagáid ar an trádálaí, i mo thuairimse, faisnéis mhionsonraithe a sholáthar don tomhaltóir faoi na doiciméid shonracha is gá chun na foirmiúlachtaí custaim a chur i gcrích. Is gá gur cuid den tseirbhís atá á soláthar í an fhaisnéis sin, agus dá bhrí sin tagann sí faoi raon feidhme oibleagáid faisnéise réamhchonarthaí an trádálaí faoi Airteagal 5(1)(a) den Treoir maidir le Cearta Tomhaltóirí.

73. Le hAirteagal 5(1)(c) den Treoir sin, cuirtear ualach suntasach ar thrádálaithe maidir le tomhaltóir ionchasach a chur ar an eolas faoi phraghas iomlán na seirbhíse atá á soláthar. Ní hamháin go gceanglaítear leis an bhforáil sin ar an trádálaí an tomhaltóir a chur ar an eolas, i gcás inar féidir, faoi phraghas iomlán na n-earraí, lena n-áirítear cánacha, chomh maith le haon mhuirir bhreise, ach sonraítear inti freisin, i gcás nach féidir leis an trádálaí ríomh den sórt sin a dhéanamh ar an bpraghas iomlán sula dtabharfar an conradh i gcrích, nach mór don trádálaí, mar sin féin, an tomhaltóir a chur ar an eolas faoin gcaoi a ríomhfar an praghas iomlán.

[18] Féach, i ndáil le ionadaithe custaim, Airteagal 5(6) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO 2013 L 269, lch. 1; 'CCA'), chomh maith le hAirteagal 18 de.

74. I gcás ina n-aontóidh trádálaí, mar chuid dá sheirbhís iompair idirnáisiúnta, gníomhú thar ceann an tomhaltóra mar ionadaí custaim, ní mór don trádálaí sin praghas na seirbhíse sin a chur san áireamh agus an tomhaltóir á chur ar an eolas faoi phraghas foriomlán an chonartha, ionas gur féidir leis an tomhaltóir sin cinneadh idirbhirt eolach a dhéanamh.

75. I gcomhthéacs conarthaí le haghaidh iompar idirnáisiúnta earraí, áfach, ní i gcónaí a bheidh trádálaí in ann costas foriomlán na seirbhíse a ríomh, lena n-áirítear dleachtanna custaim, agus costas beacht na ndleachtanna custaim féin á chur san áireamh, ní féidir i gcónaí é a ríomh go réasúnta roimh ré agus is dócha go mbeidh sé ag brath ar roinnt tosca éagsúla. [19]

76. Mar sin féin, tagann faisnéis maidir leis na rátaí agus na méideanna is infheidhme maidir le dleachtanna custaim, chomh maith le cur i bhfeidhm na bhfachtóirí éagsúla sin, leis an ‘modh ina ríomhfar an praghas’ de réir bhrí Airteagal 5(1)(c) den Treoir maidir le Cearta Tomhaltóirí, agus, dá réir sin, is ionann í agus faisnéis ábhartha atá de dhíth ar an ngnáth-thomhaltóir chun cinneadh idirbhirt eolach a dhéanamh. [20]

77. Dá bhrí sin, an oibleagáid atá ar thrádálaí – a sholáthraíonn seirbhís bróicéireachta custaim mar chuid de chonradh le haghaidh iompar idirnáisiúnta earraí – faisnéis a sholáthar maidir le praghas iomlán seirbhíse lena n-áirítear cánacha agus muirir bhreise, de réir bhrí Airteagal 5(1)(c), féadfaidh an trádálaí sin an tomhaltóir a chur ar an eolas, sula dtabharfar an conradh i gcrích, go mbeidh na dleachtanna custaim iníoctha, chomh maith le faisnéis mhionsonraithe maidir le rátaí agus méideanna na ndleachtanna is infheidhme maidir leis an iompar sonrach, lena n-áirítear faisnéis faoi na tosca ginearálta a d’fhéadfadh tionchar a imirt ar chostas foriomlán na ndleachtanna sin (amhail luach nó tionscnamh na n-earraí atá á n-iompar) nó faoi fhachtóirí athraitheacha eile nach bhfuil neart ag an trádálaí orthu. [21]

78. I bhfianaise na mbreithnithe sin, ní mór Airteagal 5(1)(a) agus (c) den Treoir maidir le Cearta Tomhaltóirí a léiriú sa chaoi go bhfuil an trádálaí a sholáthraíonn seirbhís bróicéireachta custaim do thomhaltóir, mar chuid de sheirbhís chun earraí a iompar go hidirnáisiúnta, faoi oibleagáid an tomhaltóir a chur ar an eolas faoi na nósanna imeachta custaim is infheidhme maidir le hiompar idirnáisiúnta. Is éard atá i gceist leis an oibleagáid sin dualgas faisnéis mhionsonraithe a sholáthar maidir leis na doiciméid shonracha is gá le haghaidh foirmiúlachtaí custaim, chomh maith le faisnéis mhionsonraithe maidir le rátaí sonracha agus méideanna sonracha dleachtanna custaim, lena n-áirítear faisnéis faoi na tosca ginearálta a d’fhéadfadh tionchar a imirt ar phraghas foriomlán na seirbhíse atá á soláthar.

2. Raon feidhme na hoibleagáide faisnéise ar thrádálaithe nach dtairgeann seirbhís bróicéireachta custaim

79. I bhfianaise an mhéid thuas, d’fhéadfadh sé a bheith díréireach a bheith ag súil le trádálaí nach dtairgeann seirbhísí bróicéireachta den sórt sin an leibhéal céanna mionsonraí a sholáthar do thomhaltóir maidir le nósanna imeachta custaim.

[19] Maidir le dleachtanna custaim, tá trí fhachtóir ghinearálta ann a chuirtear san áireamh agus na dleachtanna atá le híoc agus earraí á n-allmhairiú á ríomh: luach na n-earraí, rangú earraí de réir taraife agus tionscnamh na n-earraí. Chun faisnéis ghinearálta a fháil faoi na tosca a imríonn tionchar ar phraghas na ndleachtanna, féach suíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh maidir le ríomh dleachtanna custaim, atá ar fáil ag: https://taxation-customs.ec.europa.eu/customs/calculation-customs-duties_en.

[20] Féach, de réir analaí, *NEW Niederrhein Energie*, mír 31.

[21] Féach, de réir analaí, *NEW Niederrhein Energie*, míreanna 38 agus 41. Mar sin féin, ní chiallaíonn méid na faisnéise maidir leis an mbealach a ríomhtar an praghas nach mór don tomhaltóir a bheith in ann, ar bhonn na faisnéise sin, an praghas sin a ríomh go neamhspleách agus teacht ar fhigiúr cinntitheach ar an gcaoi sin (mír 39 den bhreithiúnas sin).

80. Cé go n-aontaím go bhféadfadh sé a bheith díréireach oibleagáid den sórt sin a chur ar na trádálaithe sin, ní laghdaítear leis sin dualgas substaintiúil na dtrádálaithe faisnéis leordhóthanach a sholáthar do thomhaltóirí maidir le príomh-shaintréithe na seirbhíse atá á soláthar, chun go mbeidh an tomhaltóir in ann cinneadh idirbhirt eolach a dhéanamh.

81. Agus scrúdú á dhéanamh ar mhéid na hoibleagáide sin, tá sé tábhachtach an chothromaíocht cheart a bhaint amach idir ardleibhéal cosanta do thomhaltóirí agus iomaíochas na bhfiontar.[22] Agus an méid sin á chur san áireamh, ní féidir an oibleagáid atá ar thrádálaí faisnéis faoi dhleachtanna custaim a sholáthar, ar thaobh amháin, a bheith chomh leathan sin go gcuirfí ualach díréireach ar an trádálaí agus ar a acmhainní, ná, ar an taobh eile, níor cheart í a léiriú ar bhealach chomh docht sin go mbainfí an t-ardleibhéal cosanta a ráthaítear le hAirteagal 1 den Treoir maidir le Cearta Tomhaltóirí den tomhaltóir.

82. Agus na breithnithe sin á gcur san áireamh, aontaím leis an gcúirt a rinne an tarchur go mbeadh sé díréireach a chur ar iompróir, nach gcuireann seirbhís bróicéireachta ar fáil, an t-ualach a bhaineann le fiosrú a dhéanamh ar shainiúlachtaí gach ceann de na hearraí atá le tabhairt ar láimh dó le haghaidh iompar idirnáisiúnta, chomh maith leis na ceanglais shonracha dhoiciméadacha is infheidhme maidir le hiompar na n-earraí sin i dtíortha éagsúla. Tá sé sin fíor go háirithe i gcomhthéacs eacnamaíoch fheidhmiú gnóthas áirithe – amhail gnóthais bheaga, mar atá sa chás seo – a bhféadfadh sé nach mbeadh na hacmhainní acu chun fiosrúcháin den sórt sin a dhéanamh.[23]

83. Mar sin féin, tá reachtaíocht maidir le cosaint tomhaltóirí, amhail an Treoir maidir le Cearta Tomhaltóirí, bunaithe ar an mbonn go bhfuil tomhaltóirí i staid réasúnta lag i leith an díoltóra nó an tsoláthróra, ó thaobh cumhacht margála agus leibhéal eolais de araon.[24] Dá bhrí sin, ní mór don trádálaí faisnéis leordhóthanach a sholáthar chun an éagothroime sin a leigheas agus chun go mbeidh tomhaltóirí in ann cinneadh idirbhirt eolach a dhéanamh.

84. Ach cén leibhéal faisnéise a bheadh leordhóthanach chun an éagothroime sin a leigheas?

85. Chun an cheist sin a fhreagairt, is gá na cineálacha doiciméad a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil chun críocha dleachtanna custaim a mheas.

86. Tá an creat nós imeachta maidir le dleachtanna custaim a chur i bhfeidhm comhchuibhithe ar fud an Aontais Eorpaigh,[25] agus, sa bhreis ar an dearbhú custaim sainordaitheach,[26] leagtar amach na ceanglais ghinearálta dhoiciméadacha maidir le nósanna imeachta custaim i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447.[27] Áirítear orthu sin doiciméid tacaíochta maidir le luach

[22] Féach, chuige sin, aithris 4 den Treoir maidir le Cearta Tomhaltóirí.

[23] Féach, de réir analaí, breithiúnas an 10 Iúil 2019, *Amazon EU* (C-649/17, EU:C:2019:576, mír 48).

[24] Féach, de réir analaí, breithiúnas an 11 Aibreán 2024, *Air Europa Líneas Aéreas* (C-173/23, EU:C:2024:295, mír 27 agus an cásdlí dá dtagraítear).

[25] Féach, chuige sin, aithris 28 de CCA.

[26] Airteagal 158 de CCA.

[27] Rialachán Cur Chun Feidhme an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme forálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO 2015 L 343, lch. 558; 'Rialachán 2015/2447').

custaim [28] agus tionscnamh [29] na n-earraí atá á n-iompar. Dá bhrí sin, cé go bhfuil sé de shaoirse ag na Ballstáit na foirmeacha áirithe doiciméadachta a chomhlíonann na ceanglais shonracha a fhorordú, [30] fanann na ceanglais bhunúsacha fianaise mar an gcéanna ar fud an Aontais.

87. Agus an méid sin á chur san áireamh, ós rud é go mbeidh eolas speisialaithe ag trádálaithe a sholáthraíonn seirbhís iompair idirnáisiúnta ar na rialacha ginearálta maidir le nósanna imeachta custaim, lena n-áirítear an doiciméadacht is gá le haghaidh na nósanna imeachta sin, amhail cruthúnas ar luach nó ar thionscnamh na n-earraí, fágann sé sin gur cheart a bheith ag súil leis go réasúnta go soláthródh an trádálaí an fhaisnéis ghinearálta sin don tomhaltóir maidir leis na cineálacha doiciméad fianaise a d'fhéadfadh a bheith faoi oibleagáid a chur ar fáil don trádálaí chun nósanna imeachta custaim a chur i gcrích, gan beann ar cé acu a thairgeann nó nach dtairgeann an trádálaí sin seirbhís bróicéireachta custaim, ionas go mbeidh an tomhaltóir sin in ann cinneadh idirbhirt eolach a dhéanamh.

88. Ar na cúiseanna sin, ní chreidim gur féidir Airteagal 5(1)(a) den Treoir maidir le Cearta Tomhaltóirí a léiriú mar oibleagáid a fhorchur ar thrádálaithe nach soláthraíonn seirbhís bróicéireachta custaim, i gcomhthéacs conarthaí le haghaidh iompar idirnáisiúnta earraí, faisnéis mhionsonraithe a sholáthar (amhail liosta) maidir leis na doiciméid shonracha atá le tíolacadh do na húdaráis chustaim ag teorainn ar leith le haghaidh gach ceann de na hearraí atá á n-iompar. Ina ionad sin, i mo thuairimse, ní cheanglaítear leis an bhforáil sin ach ar thrádálaithe tomhaltóirí a chur ar an eolas faoi na cineálacha doiciméad fianaise a bheidh ar an tomhaltóir a sholáthar, i.e. go mbeidh ar an tomhaltóir doiciméid a sholáthar lena gcruthaítear tionscnamh nó luach na n-earraí atá á n-iompar, gan, áfach, na doiciméid shonracha is gá chun na críche sin a lua.

89. Agus aird á tabhairt ar chineál na seirbhíse atá á soláthar, níor cheart an oibleagáid atá ar thrádálaí faoi Airteagal 5(1)(c) den Treoir sin, an tomhaltóir a chur ar an eolas faoi phraghas iomlán na seirbhíse atá á soláthar a léiriú mar cheangal ar thrádálaí a sholáthraíonn seirbhís chun earraí a iompar go hidirnáisiúnta – ach nach gcuireann seirbhís bróicéireachta custaim ar fáil – faisnéis mhionsonraithe a sholáthar do thomhaltóir maidir le rátaí sonracha agus méideanna sonracha na ndleachtanna custaim. Is amhlaidh atá toisc nach féidir a mheas go réasúnta gur cuid de 'phraghas' seirbhíse den sórt sin é costas dleachtanna custaim, nach mbaineann ach le hiompar na n-earraí agus nach n-áirítear seirbhís imréitigh custaim leis.

90. Aontaím leis an gCoimisiún nach mór an oibleagáid faisnéise a leagtar síos in Airteagal 5(1)(c) den Treoir maidir le Cearta Tomhaltóirí a léiriú i bhfianaise chineál an chonartha a thugtar i gcrích idir an trádálaí agus an tomhaltóir. Mura sonraítear sa chonradh go soláthróidh an t-iompróir seirbhísí bróicéireachta custaim, ní cheanglaítear ar an iompróir faisnéis mhionsonraithe a sholáthar don tomhaltóir maidir le rátaí agus leibhéal na ndleachtanna custaim is infheidhme maidir leis na hearraí atá i gceist.

91. Ní chuireann sé sin ar neamhní, áfach, an oibleagáid atá ar thrádálaí den sórt sin a chur in iúl don tomhaltóir go *bhféadfadh* dleachtanna custaim a bheith iníoctha, de bhun Airteagal 5(1)(a) den Treoir maidir le Cearta Tomhaltóirí.

92. Chuige sin, tar éis dóibh an fhaisnéis sin a sholáthar don tomhaltóir, ba cheart do na trádálaithe sin a shonrú, i gcás ina mbeidh nósanna imeachta custaim iníoctha ag an teorainn, mar gheall ar chineál na n-earraí atá á n-iompar, nó mar thoradh ar dhoiciméadacht mhíchruinn

[28] Airteagal 145 de Rialachán 2015/2447.

[29] Airteagal 116 de Rialachán 2015/2447.

[30] Mar shampla, d'fhéadfadh na Ballstáit a éileamh go n-aistreofaí doiciméid. Féach, chuige sin, aithris 116 de Rialachán 2015/2447.

nó neamhleor a chuir an tomhaltóir ar fáil, go n-íocfaidh an trádálaí na dleachtanna thar ceann an tomhaltóra agus nach mór don tomhaltóir na dleachtanna a aisíoc leis an trádálaí a luaithe a bheidh na hearraí seachadta. Is féidir a mheas go réasúnta gur faisnéis ábhartha í faisnéis den sórt sin maidir le hacmhainneacht na gcostas a bheidh ann amach anseo, ar faisnéis í a theastaíonn ón tomhaltóir chun cinneadh idirbhirt eolach a dhéanamh.

93. I bhfianaise a bhfuil ar siúl faoi láthair, creidim nach mór Airteagal 5(1)(a) agus (c) den Treoir maidir le Cearta Tomhaltóirí a léiriú sa chaoi go bhfuil trádálaí a sholáthraíonn seirbhís le haghaidh iompar idirnáisiúnta earraí – ach ní seirbhís bróicéireachta custaim – faoi oibleagáid an tomhaltóir a chur ar an eolas sula dtabharfar an conradh i gcrích go bhféadfadh na hearraí atá á n-iompar a bheith faoi réir dleachtanna custaim agus go gceanglófar ar an tomhaltóir aon dleachtanna a d'íoc an trádálaí thar ceann an tomhaltóra a aisíoc leis an trádálaí. Féadfaidh an trádálaí an oibleagáid sin a chomhlíonadh trí fhaisnéis ghinearálta a sholáthar don tomhaltóir maidir leis na cineálacha doiciméad fianaise is gá chun críocha na nósanna imeachta custaim, ach ní cheanglaítear air faisnéis mhionsonraithe a sholáthar maidir leis na doiciméid shonracha is gá chun na foirmiúlachtaí custaim sin a chur i gcrích, ná maidir le rátaí agus méideanna na ndleachtanna custaim sin.

94. Agus na conclúidí roimhe seo á gcur i bhfeidhm maidir le fíorais na bpríomhimeachtaí, ní cosúil go bhfuil sé faoi dhíospóid sa chás seo nach raibh seirbhís bróicéireachta custaim san áireamh sa chonradh a tugadh i gcrích idir an t-iarratasóir agus an cosantóir. Ná níl sé faoi dhíospóid sa chás seo nár chuir an cosantóir (an trádálaí) faisnéis mhionsonraithe ar fáil don iarratasóir (an tomhaltóir) maidir leis na nósanna imeachta custaim agus na rátaí dleachtanna custaim is infheidhme.

95. Cé acu a mhainnigh nó nár mhainnigh an cosantóir an fhaisnéis ábhartha maidir le nósanna imeachta custaim ionchasacha a sholáthar don iarratasóir, agus, dá bhrí sin, ar sháraigh sé a oibleagáid maidir le faisnéis réamhchonarthach faoi Airteagal 5 den Treoir maidir le Cearta Tomhaltóirí, is faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé measúnú a dhéanamh ar mhéid an tsáraithe sin agus ar a iarmhairtí don chonradh atá i gceist.

IV. Conclúid

96. I bhfianaise na mbreithnithe sin roimhe seo, molaim go dtabharfadh an Chúirt freagra ar na ceisteanna a tharchuir Lietuvos Aukščiausiasis Teismas (Cúirt Uachtarach na Liotuáine) mar seo a leanas:

> Ní mór Airteagal 5(1)(a) den Treoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le cearta tomhaltóirí, lena leasaítear Treoir 93/13/CEE ón gComhairle agus Treoir 1999/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 85/577/CEE ón gComhairle agus Treoir 97/7/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ('Treoir maidir le Cearta Tomhaltóirí')
>
> a léiriú sa chaoi go gceanglaítear leis an bhforáil sin ar thrádálaí faisnéis a sholáthar do thomhaltóir maidir le príomh-shaintréithe na n-earraí nó na seirbhísí, go bhfuil an trádálaí a sholáthraíonn seirbhís iompair idirnáisiúnta don tomhaltóir faoi oibleagáid an tomhaltóir sin a chur ar an eolas, sula dtabharfar an conradh i gcrích, *go bhféadfadh* na hearraí atá á n-iompar a bheith faoi réir dleachtanna custaim. Ceanglaítear leis an oibleagáid sin ar thrádálaithe a chur in iúl don tomhaltóir cé acu atá nó nach bhfuil seirbhís bróicéireachta á

tháirgeadh mar chuid den chonradh sin agus, dá bhrí sin, cibé acu an trádálaí nó an tomhaltóir é a bheidh freagrach as an doiciméadacht is gá a ghabháil ar láimh chun na foirmiúlachtaí custaim a chur i gcrích.

I gcomhthéacs conarthaí le haghaidh iompar idirnáisiúnta earraí lena *n-áirítear* ann seirbhís bróicéireachta custaim, ní mór Airteagal 5(1)(a) agus (c) de Treoir maidir le Cearta Tomhaltóra

a léiriú mar cheangal ar thrádálaí faisnéis mhionsonraithe a sholáthar don tomhaltóir maidir leis na doiciméid shonracha is gá le haghaidh foirmiúlachtaí custaim, chomh maith le faisnéis mhionsonraithe maidir le rátaí sonracha agus méideanna sonracha dleachtanna custaim, lena n-áirítear faisnéis faoi na tosca ginearálta a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar phraghas foriomlán na seirbhíse atá á soláthar.

I gcomhthéacs conarthaí le haghaidh iompar idirnáisiúnta earraí *nach n-áirítear* seirbhís bróicéireachta custaim, ní mór Airteagal 5(1)(a) agus (c) de Treoir maidir le Cearta Tomhaltóra

a léiriú mar cheangal ar thrádálaí an tomhaltóir a chur ar an eolas faoin gceanglas aon dleachtanna a d'íoc an trádálaí thar ceann an tomhaltóra a aisíoc leis an trádálaí. Ba cheart don trádálaí sin faisnéis ghinearálta a sholáthar don tomhaltóir maidir leis na cineálacha doiciméad fianaise is gá chun críocha na nósanna imeachta custaim, ach ní cheanglaítear air faisnéis mhionsonraithe a sholáthar maidir leis na doiciméid shonracha is gá chun foirmiúlachtaí custaim sin a chur i gcrích ná maidir le rátaí agus méideanna na ndleachtanna custaim sin.